Pairtí na nDaoine Ciallṁar

Aċ Cá ḃfuil an tInspreagaḋ?

Fearfeasa.

Slua an ṁór ar fad agus daoine a ḃí ullaṁ ċun cúrsaí poiblí a ṁeaḋ ar a ḃfiuntas gan claonaḋ ó traidisiún na seanaimsire — sin an moṫú a ba ṁó a ḃí le taḃairt faoi deara ag Ard Ḟeis Fianna Fáil Dia Máirt agus Dia Ceadaoine na seaċtaine seo.

Ba ḃeag de tinġrá teoraiciúl nó luascaḋ bratacá a ḃí le feiceáil ann aċ plé réasúnta ar crua ċeisteanna an lae inniu.

Aċ ḃí cruaċeist aṁáin naċ raiḃ ag déanaṁ buarṫa do na teaċtaí nó a dtreoraiṫe mar ḃí slánú nó buanú nó fiú maireaċtáil na Gaeltaċta—ní raiḃ focal faoi.

Páirtí na ndaoine réasúnta larcasain luċt Fianna Fáil fosta is cosúil aċ is beag caint tá acu anois ar cúrsaí poblaċtanaċ nó Gaeilge — ḋá ṗríoṁ cuspóir an ṗáirtí. Ar imiġ an spreagaḋ nó ḃfuil an sparán níos treise?

Ḃí ócáid deas taiṫneaṁaċ ag an Fáiltiú oíċe Luain. Ḃí na hAirí agus ard ionadaiṫe an Páirtí uiliġ i láṫair—ar ordú an Taoisiġ adeirtear. Aċ ar ndóiġ caiṫfiḋ gaċ duine díoḃ aire a ṫaḃairt do na "rútaí féin" mar deir siad i Meiricea agus is breá an seans é caidreaṁ le gná-ṁuintir an páirtí. Is breá an seans é don gná-ṁuintir féin bualaḋ leis na ceann-urraiṫe agus a ḃeiṫ ag maíoṁ as indiaiḋ dul arais aḃaile.

Aċ cibé ar biṫ coiméadann sé an snaiṫe ceangal leis an coiteantaċt agus is maiṫ do pairtí poiliticiúil ar biṫ é sin.

Cúrsaí eile ar fad a ḃí in uaċtar ó ṫúisiġ an Ard Ḟeis féin maidin Dé Ṁáirt. Pléiodh cúrsaí coṁ fuarcúiseaċ réasúnta le cruinniú bord stiúrṫóirí agus léiriġ na teaċtaí a laḃair i gcoitinne go raḃ tuigḃeáil iontaċ maiṫ acu ar na cúrsaí a ṗlé siad. Pairtí daoine réasúnta ciallṁara lán casain isea muintir F.F. anois.

Ba beag tráċt a ḃí ar náisiúntaċt nó spreagaḋ na Gaeilge le linn na ndíospóireaċta.

Aċ mar sin féin cé gur beag a pléioḋ as Gaeilge laḃair beagnaċ gaċ duine de na teaċtaí a laḃair focla oscailte a óráide as Gaeilge agus ba soiléir go raiḃ blas agus líoċt na Gaeilge acu i ḃfad ní b'ḟearr na daoine a ḃíoḋ ag iarraiḋ rúin a plé as Gaeilge deiċ nó fiċe blian ó ṡin. Ḃain do ċiall féin as sin.

Rud aṁáin atá soiléir do ċeannas an Páirtí — ní ḟéidir aon duine a ċur in oifig caidreaṁ poiblí feasta gan Gaeilge líofa. Pádraig Ó Faċtna a cuireaḋ mar leas ċaṫaoirleaċ na hArd Ḟeise. Traosluímid leis.

Ḃeirim an lideaḋ in aisce do fir óga uaillṁianaċa F.F. Níl maiṫ ar biṫ duit do súil a ċoinneáil ar áit muna ḃfuil tú líofa sa Gaeilge agus luaċ lena húsáid.

Nuair a d'éiriġ ionadaí Gort Inse Guaire tuirseaċ ag éisteaċt le Béarla ċuaiġ sé féin suas ⁊ rinne óráid tinntrí i nGaeilge. Fuair sé bualaḋ bos an ṁór ar fad agus ḃí tuilleaḋ Gaeilge le cloisint na ḋiaiḋ sin.

Ba speisiúl ag coiméad ar luċt an ardáin, Ó Faċtna ar a suaiṁneas mar caṫaoirleaċ, ag malairt Gaeilge le cainteoir ar biṫ a raiḃ sí acu. An Taoiseaċ féin ar a ṡáiṁín ag caiṫeaṁ an píopa agus ag taḃairt iomlán airde ar gaċ rud adúraḋ, Tomás Ó Maoláin ag taḃairt cogar do faoi rudaí adúraḋ go tapaiḋ i nGaeilge. Caṫal Mac Eoċaiḋ ⁊ Donnċaḋ Ó Máille ag taḃairt freagraí cruinn beaċt ar cúrsaí a Roinne ní hé ex cathedra aċ ḃall le comḃall an eagrais. An Dr. Ó hIrġile na ṡuí ar ċúl go leaṫ mísuaiṁneaċ. Ó Bléine ag siúl isteaċ ar leaṫ indiaiḋ a trí ar nós cuma liom, ag baint smailc as toitín ag siúl ṫar cúl an ardáin go dtí an taoḃ ṫall. Ḃí Ó Máille an éifeaċtaċ ag caint agus leag sé béim ar na háiteaċa ceart — agus d'aontaiġ an Ard Ḟeis leis. B'éifeaċtaċ Caṫal leis na figiúirí. Dálta Childers ḃí a ċuid obair baile déanta go maiṫ aige. Cuireaḋ "an teas" ar Ó Braonáin taoḃ na picéidí I.T.A. ag an geafta aċ fuair sé tacaíoċt san Ard Ḟeis féin.

Ḃí an Ard Ḟeis ar an ċeann ba mó le blianta—ḃí an tseomra cruinn lán ar fad agus gan suíoċáin go leor dóiḃ. Aċ ní raḃ oiread smaointeaċas agus túsiarraċt ins na rúin nó na cainteoirí agus a ḃí fiċe bliain ó ṡoin nuair a bruiġeaḋ rúin tríd i gcoinniḃ an ardáin ar rudaí mar forbart leictreaċais, móna, tacaíoċt Stáit don Ġaeilge agus mar sin.

Ḃfuil gná ṁuintir Fianna Fáil ag éirí ró-ioṁċoiméadaċ?

An Conraḋ i gCill Ċoinniġ

Ḃí Caṫal Uasal Ó Feinneaḋa, Uaċtarán Ċonraḋ na Gaeilge i láṫair ag cruinniú bliantúil Ċraoḃ Ċill Ċoinniġ in Óstán Metropole ar oíċe Ṁáirt, an 16ú lá Samhain, ag 8.30 p.m.

Leis na blianta fada rinne Eiḃlín Ní Ċróinín, naċ maireann, obair iontaċ d'aṫḃeoċaint na Gaeilge i gCill Ċoinniġ. Ba ṁór an ċailliúint í don ċraoḃ áitiúil nuair a fuair sí bás bliain ó ṡin.

Ní fearr slí ċun ċuiṁne Eiḃlín agus na blianta fada oibre a rinne sí a ḃuanú ná go gcuirfí le neart an Ċonarṫa i gCill Ċoinniġ. Le cúpla seaċtain roiṁre ḃí Labras Ó Murċú, Timire, ag teangḃáil le oifigiġ na craoiḃe ag plé forbairt na h-oibre leo. Cuireaḋ pleananna nua i láṫair an poḃail ag an gcruinniú bliantúil agus lorgaíoḋ tacaíoċt poḃail Cill Ċoinniġ don obair.

Gníoṁ ag cur le eagarḟocla

27, Br. Cur na Fuinnseóige,
Tír an Iúir,
Baile Áṫa Cliaṫ 6.
14-11-65.

Eagarṫóir, AMÁRAĊ.

A Ċara,

Istiġ le seo tá duilleóg le cur síos gairid ar ḃeartais na ḃFánaiṫe, leis an Éirí Amaċ a ċomóraḋ.

Tá súil agam go mbeiḋ spéis ag do luċt léite in ár mbeartas do Ġleannċolmcille.

Is miṫid, dár linn, do luċt na Gaeilge, a ndáiríreaċt a ṫaispeáint nó a ċruṫú.

Is léir dúinn gur minic a ṁeasann muintir na Gaeltaċta gur lena leas féin a ċuireann Gaeilgeoirí na Galltaċta, spéis sa Ġaeilge.

Caiṫfear an tuairim seo a ḃreagnaḋ agus ní ḟéidir dúinne gur le craiṫeaḋ brátaċa a déanfar é. Ní h-eol dúinn aon slí níos fearr lenár meas ar ṁuintir na Gaeltaċta a léiriú, ná dul ag déanaṁ cóṁar leo.

Ár ndó, ba ṁaiṫ linn meiṫeál a ċur ċuig gaċ paróiste Gaeltaċta agus Breac Gaeltaċta aċ ní aċṁainn dúinn é. Mar sin féin tá súil againn go leanfar an treóir, amaċ annseo.

Aoinne a léiġ d'eagarḟocal ar eagrán an 12ú lá, agus gur ábhar buarṫa ḋó na niṫe atá pléiṫe agat ann, ba ċóir ḋó caḃrú linn san iarraċt seo.

Is mise, le meas mór,

Maolṡeaċlainn Ó Caollaí
(Rúnaí).

Cad ċuige?

**Glór na nGael,
Cloiċ Ċeann Ḟaola**

A Eagarṫóir, a ċara,

Is trua naċ raiḃ sé de ṁisneaċ ag Seán Mac Labrais, atá i n-ainm's a ḃeiṫ ina ċónaí i gCloiċeannaola a ainm agus a ṡeolaḋ ceart a ċur lena litir. An aṁlaiḋ go ḃfuil sé ina ċónaí i "Sreaṫ na mBratóg" le "Fear Gan Ċéill"?

Má tá oiread suim aige in eastáit tionsclaċ san Ġaeltaċt cad ċuige naċ dtig sé ċuig ár gcruinniṫe agus a ṫuairimí á noċtú?

Le mór-ṁeas,

An Rúnaí.

Árd a' Rát

Deirtear go mbeiḋ geiṁreaḋ iontaċ crua againn i mbliana, le coicís anuas tá scaoṫanna móra géaċa fiaíne le feiceáil ag dul ṫart os cionn Árd a' Ráṫa agus an ċeantar, agus iad a dul ó ḋeas go dtí a n-ionad geiṁriḋ.

Tá Rannóg na Foraoiseaċta ag obair ar 100 acra a ċeannaiġ siad ag Cnoc na gCapall, Árd a' Ráṫa. Ċeannaiġ siad 22 acraí eile ag Baile Fearann, Corcar Mór, ar feirm Seán Ó Liaṫáin. Beiḋ an t-iomlán seo réiḋ fá ċoinne pleanála an tEarraċ seo ċugainn. Tá an draenáil agus tógáil claiṫeaċa ar siúl san am i láṫair. Tá an talaṁ seo in aice le 200 acra eile atá ar ṫailte C. Mac Suiḃne, agus Bean Gibson, ⁊ ba ċóir go mbeaḋ foraois maiṫ mór insan ċoṁarsanaċt seo.

Ag an ċruinniú cinn-bliana de ċoiste paráiste Árd a' Ráṫa, i halla Iona, Árd a' Ráṫa, Dónal Ó Faoláin, O.S., i gceannas, agus i láṫair coṁ maiṫ ḃí B. Ó Sírín, O.S., rúnaí, agus Caṫal Mac Giolla Aiġe, cisteoir. Ṡocraiġ an cruinniú go n-iarrfaí go mbeaḋ agallaṁ ag an coiste leis an foireann suirḃé eacnamiciúil insan ċeantar. I mbliana, ṫug an Coṁairle iasaċt £100 gan teorama, do Cumann Forbarta Ṫurasóireaċta Árd a' Ráṫa, le fógraíoċt a déanaṁ fá'n ċeantar. Ṫug an coiste aire do coṁartaí bóṫar ar na bóiṫre coṁ maiṫ.

Trioblóid Taréis Cluiċe

Ag cruinniú de Bord Ċondae Ḋún na nGall, i mBealaċ Féiċ, rinneaḋ tráċt ar rudaí a ṫárla indiaiḋ an cluiċe ceannais mionúr idir Árd a' Ráṫa agus Gaoṫ Doḃair, Páirc Ṁic Cuṁaill, Bealaċ Féiċ.

Dúirt an Caṫaoirleaċ, C. Mac Suiḃne, O.S., gur ṁeas sé gur ṁór an trua go mbeaḋ a leiṫéid de rud le rá faoi peil mionúraċ.

Dúirt P. S. Mac Giolla, O.S., Ard a' Ráṫa, gur gearraḋ na sreangáin ṫart timpeall na páirce agus gur eolas úr é sin dósan. Ní raiḃ Cumann Ard a' Ráṫa freagarṫaċ as rud ar biṫ a ṫárla, ins na seomraí cóiriṫe.

Ṁeas sé go raiḃ cuid de ċuid imirṫeoirí Ġaoṫ Doḃair trodaċ. Rinne oifigeoirí Ġaoṫ Doḃair a ndíċeall. Laḃair sé le cuid imirṫeoirí Ġaoṫ Doḃair, as Gaeilge, agus tugaḋ freagra air i dteanga iasaċta agus i ndroċ ċaint.

Dúirt S. Ó Gallċoḃair gur sin an ċéad scéala a fuair Gaoṫ Doḃair, faoi na sreangáin a ḃeiṫ gearrṫa. Ceistiġ sé cé acu tuairisc an ṁoltóra a ḃí á plé, nó iompar na n-imirṫóirí ar an páirc, nó taoḃ amuiġ den ṗáirc.

Caṫaoirleaċ — Níl cuntas an ṁoltóra os mo coṁair.

An tUasal Ó Gallċoḃair —Tá ionadaí Árd a' Ráṫa ag tráċt ar tuairisc an ṁoltóra faoi iompar na n-imirṫeoirí ar an páirc. Sílim naċ ḃfuil sé sin i gceist ċor ar biṫ.

Caṫaoirleaċ — Níl. Aċ, táṫar ag iarraiḋ ar ionadaiṫe nua gCumainn i gceist, miniú a ṫaḃairt.

An tUasal Ó Gallċoḃair: Níor ṫug muidne tacaíoċt fá ċoinne an rud a rinne cuid de na mionúir, aċ ní ṫiocfaiḋ le Cumainn ná oifigeoirí smaċt a ċoinneáil ar sin. Nuair a ṫéann 30 fear ar an páirc, tá siad faoi smaċt an ṁoltóra.

An Caṫaoirleaċ — Tá muid ag caint ar damáiste a rinneaḋ insan tseomra seo.

An tUas. Ó Gallċoḃair — Ní ṫig liomsa eolas ar biṫ a ṫaḃairt fá goidé ṫárla. Ní raiḃ mé insan tseomra cóiriṫe. Is trua linn má ṫárla sé. Nuair a ḃí an cluiċe ṫart. ba ċóir go mbeaḋ deireaḋ leis, agus go spóirtúil. Tá siad ċoṁ maiṫ nuair atá siad caillte le nuair atá an ḃuaiġ acu Níl fioḋ againn céard a ṫárla aċ an rud a ċuala muid ó ḋaoine eile. Tá sé deacair scaifte ógánaċ ag an aois sin a stiúraḋ.

Ṫug Seán Ó Cionnaiġ as Árd a' Ráṫa cuntas ar an méid a ċonaic sé féin insan tseomra cóiriṫe agus dúirt sé gur gárda a réiriġ an seomra sa deireaḋ.

Socraíoḋ go ndíolfaḋ Cumann Árd a' Ráṫa agus Cumann Gaoṫ Doḃair leaṫ an costas an damáiste. 30s. an Cumann.

Teipeann ar Ġaillimh

An Dún 3-10; Gaillimh 0-7.

Cosúil le lá geiṁriḋ ar biṫ, an ḟearṫain ag tuitim go trom agus an dorċadas in eineaċt leis, do ḃuaiġ An Dún ar Ġaillimh go h-éascaí i gcluiċe ceannais an "Grounds Tournament." Cé go raiḃ na coinníollaċa míoiriúnaċ do ṗeil maiṫ níor ċuir sé isteaċ go mór ar an Dún. Cuir siad suas sompla os coṁair an 23,620 duine a ḃí ansin de ṗeil naċ raiḃ feicte le fada. Ḃíodar cosúil le meaisín agus ṫug siad arais smaointe dúinn den Dún a ḃí ansin ins na blianta 1960-61.

Aċ cé go raiḃ cúigear de ḟoireann na Gaillimhe as láṫair agus ḃí orṫu duine de na fir ionaid a ċur ins na cúil agus deirtear dá mbeaḋ Mac Oireaċtaiġ ins na cúil naċ mbeaḋ an scór leaṫ coṁ mór aċ dá mba rud é go raiḃ Mac Oireaċtaiġ ins na cúil (ní ṡílim go mbeaḋ sé ábalta an ċéad ċúl a stopaḋ. Ní féidir loċt ar biṫ d'ḟáil ar na fir ionaid eile a d'imir mar deireann dá mbeaḋ foireann na Gaillimhe uiliġ ag imirt ní ḃéaḋ siad maiṫ go leor do Ḋún Dé Doṁnaiġ, ⁊ anois do ċruṫaiġ an Dún díreaċ mar do ċruṫaiġ siad ins an cluiċe leaṫ-ċeannais gur aidsan a ba ċeart a ḃeiṫ ins an craoḃ cluiċe i mbliana.

Cluiċe iontaċ maiṫ a ḃí ann agus do ċuir an dá ḟoirinn suas caiġdeán iontaċ ard imearṫa ⁊ an té a deireann go ḃfuil an caiġdeán imearṫa ag dul síos béiḋ smaointe eile aige ina ḋiaiḋ an lá. Gaillimh an foireann a ḃí i gcónaí ar cúl agus a ṫáiniġ amaċ 'ċun tosaiġ insan dara leaṫ ní mar sin a ṫárla sé Dia Doṁnaiġ. Ċuadar níos fuide ċun deiriḋ ins an dara leaṫ agus nuair a fuair Séamas Mac Artáin an triú cúl ní raiḃ seans ar biṫ ag Gaillimh ina ḋiaiḋ sin.

Des na scoranna uiliġ a fuair Gaillimh ṫáiniġ cuilín aṁáin as an imirt, agus ar an láṁ eile fuair an Dún 3-9 as an imirt agus cé go raiḃ Gaillimh ag ionsaí súil an Dún ins an dara leaṫ ní raiḃ siad ábálta mórán a ḋéanaṁ in éadan cúil stuamḋa buan an Dúin.

Seán Ó Néill a rinne an damáiste is mó agus béiḋ cuiṁne ag Noel Ó Tiarnaiġ ar an ċluiċe seo ḟaid is a ḃéas caint ar Ḋúin.

D'imir Brian Mac Seáin go maiṫ ins na tosaiġ agus A. Ó Morgáin agus D Ó Murċú. Ní raiḃ mórán idir na láraí ar an dá ṫaoḃ aċ deireann go raiḃ an láṁ an uaċtair ag an Dún ins an ċéad leaṫ. D'imir aċan fear a ṗáirt ins na cúil do Ḋúin agus Pádraig Ó Doṁnallán, Seán Ó Canáin, agus Máirtín Ó Tnuaṫail an triúr ab' ḟearr do Ġaillimh.

Do Ḋúin fuair: P. Ó Doċartaiġ, 1-2; R. Ó Morgáin, 1-3, S. Mac Artáin, 1-0. S. Ó Néill 0?2 agus B. Mac Seoin 0-1.

Do Ġaillimh fuair: S. Ó Canáin 0-4, P. Ó Doṁnallán 0-2, ⁊ S. Ó Liodáin 0-1.

Sáirséal agus Dill

Glacaḋ leis an rúin seo ag cruinniú de Ċoiste Gnóṫa Conraḋ na Gaeilge Dé Saṫairn, 13 Samain, 1965:

"Ó ṫárla go mba buille trom d'ḟoillsiṫeoireaċt na Gaeilge é dá mbeaḋ deireaḋ le Sáirséal agus Dill. iarrtar ar an Aire Oideaċais an cás d'aṫḃreiṫniú go báiḋiúl."

Dialann 1966

Tá dialann Gaeilge curṫa ar fáil arís i mbliana ag Conraḋ na Gaeilge. Tá siad ar fáil ó ard-oifig an Ċonarṫa, 14 Cearnóg Parnell ar 5s. 6d. (clúdaċ leaṫar) agus 2s. 6d. (clúdaċ manilla). Tá an dialann seo an-oiriúnaċ mar bronntanas Nollag.